

Spáinneach in Éirinn

Foclóir Úsáideach

Sula léann tú an sliocht thíos faoi shaol Maria in Éirinn, déan iarracht na focail Ghaeilge ar chlé a mheaitseáil leis na focail Bhéarla ar dheis.

- | | |
|----------------------------|-------------------------|
| 1. cúpla bliain | a. very different |
| 2. an-difriúil | b. I meet my friends |
| 3. an-ghnóthach | c. now and again |
| 4. isteach sa chathair | d. a couple of years |
| 5. custaiméirí | e. I'm free on Sundays. |
| 6. má bhím tuirseach | f. very busy |
| 7. anois is arís | g. into the city |
| 8. bím saor ar an Domhnach | h. I love |
| 9. is aoibhinn liom | i. if I'm tired |
| 10. casaim ar mo chairde | j. customers |

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Spáinneach in Éirinn

Frásaí Úsáideacha

Déan iarracht abairtí iomlána a dhéanamh as tús na n-abairtí ar chlé agus ag deireadh na n-abairtí ar dheis. Tá siad bunaithe ar struchtúir dheacra agus foclóir nua atá ar fáil sa sliocht.

Mar shampla: 1. Má bhím tuirseach, ní fhéachaim ar an teilifís san oíche.

- | | |
|------------------------------|--|
| 1. Má bhím tuirseach... | a. ...téimid go dtí an teach tábhairne |
| 2. Má bhím gnóthach... | b. ...téim ag siopadóireacht. |
| 3. Má bhím sa chathair... | c. ...ní fhéachaim ar an teilifís san oíche. |
| 4. Má bhím saor... | d. ...ní théim ag snámh ag deireadh an lae. |
| 5. Má chasaim ar mo chara... | e. ...buailim le mo chairde agus téimid go dtí bialann |

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____

Spáinneach in Éirinn

Ord na bhfocal sa sliocht

Scríobh an t-ord ina dtagann na focail seo a leanas aníos sa sliocht in aice le gach ceann acu.

- a. anois agus arís
- b. an-difriúil
- c. bím saor ar an Domhnach
- d. casaim ar mo chairde
- e. cúpla bliain
- f. is aoibhinn liom
- g. na laethanta sin
- h. isteach sa chathair
- i. an-ghnóthach
- j. custaiméirí

Spáinneach in Éirinn

Sliocht suimiúil

Léigh an sliocht seo thíos agus ansin léigh na ráitis. Cuir tic le A, B nó C i ngach cás.

Is mise Maria. Is Spáinneach mé ach tá mé i mo chónaí in Éirinn le cúpla bliain. Tá mé ag obair i mbialann i mBaile Átha Cliath. Is breá liom an tír seo agus na hÉireannaigh ach tá an saol laethúil an-difriúil. Is as sráidbhaile beag faoin tuath mé. Tá Baile Átha Cliath an-mhór agus an-ghnóthach. San áit a raibh cónaí ormsa, éiríonn na Spáinnigh timpeall a hocht a chlog agus tosaíonn siad ag obair idir a naoi agus leath i ndiaidh a naoi. I mBaile Átha Cliath, éirím ar leath i ndiaidh a sé ar maidin. Téim isteach sa chathair ar an Luas agus tosaím ag obair sa bhialann ar a hocht a chlog. Ólaim cupán caifé go tapa agus déanaim an bricfeasta do na custaiméirí. Ní bhíonn mo bhricfeasta agam féin go dtí leath i ndiaidh a deich.

Tosaím ag obair arís ar a haon déag agus oibrím go dtí leath i ndiaidh a dó. Ithim mo lón sa bhialann agus ansin téim amach ag siúl nó ag féachaint ar na siopaí, nó bíonn cupán caifé agam le cara. Tosaím ag obair ansin ar a ceathair agus oibrím go dtí a hocht a chlog.

Má bhím tuirseach, téim díreach abhaile agus féachaim ar an teilifís nó léim leabhar. Go minic, casaim ar mo chairde sa chathair agus téimid chuig scannán. Anois is arís, téimid go dtí an teach tábhairne agus éistimid le grúpa ceoil ag seinm. Is breá liom ceol traidisiúnta - éistim leis ar an raidió go minic agus téim chuig seisiúin sa teach tábhairne in aice le mo theach. Sa samhradh, téim ag siúl cois farraige agus uaireanta, téim ag snámh. Bím saor de ghnáth Dé Domhnaigh agus Dé Luain. Is aoibhinn liom na laethanta sin!

1. Ní itheann sí bricfeasta.

(A) Fíor

(B) Bréagach

(C) Ní deirtear

2. Ólann sí caifé san oifig ar a 9 a chlog.

(A) Fíor

(B) Bréagach

(C) Ní deirtear

3. Má bhíonn sí tuirseach, téann sí abhaile agus téann sí a luí.

(A) Fíor

(B) Bréagach

(C) Ní deirtear

4. Go minic, téann sí chuig scannán le cairde.

(A) Fíor

(B) Bréagach

(C) Ní deirtear

5. Ní maith léi ceol traidisiúnta.

(A) Fíor

(B) Bréagach

(C) Ní deirtear

6. Sa samhradh, téann sí abhaile go dtí an Spáinn.

(A) Fíor

(B) Bréagach

(C) Ní deirtear

7. Bíonn sí saor ón obair dhá lá gach seachtain.

(A) Fíor

(B) Bréagach

(C) Ní deirtear

Spáinneach in Éirinn

Teanga an tsleachta

Léigh na treoracha agus freagair na ceistanna seo a leanas:

1. Sa sliocht thuas tá samplaí den réimír *an-* agus aidiacht, mar shampla: **an-difriúil**. Déan iarracht samplaí eile a phiocadh amach ón sliocht. Scríobh amach anseo iad.
2. Tá cúpla sampla eile d'aidiachtaí (a d'fhoghlaim tú níos luaithe sa chúrsa) leis an réimír *an-* anseo. B'fhéidir gur chuala tú ar Raidió na Gaeltachta nó ar TG4 iad.

an-mhaith

an-áisiúil

an-fhuar

an-suimiúil

an-bheag

an-te

an-ghar

an-óg

Féach ar na samplaí a phioc tú amach ón sliocht agus na samplaí seo. An mbeifeá in ann an ghreille seo a líonadh isteach bunaithe orthu? Tá *Gutaí* déanta mar threoir.

An réimír <i>an-</i>	Consan	Gutaí	D, T, S
Cuirtear		_____	

Spáinneach in Éirinn

Teanga an tsleachta (ar lean)

3. Lión na bearnaí nó athscríobh an aidiacht idir lúibíní nuair is gá.
- Bíonn an aimsir in Éirinn _____, de ghnáth.
 - Is tír _____ í Lucsamburg.
 - Bíonn an aimsir _____ san Afraic.
 - Is tír an-(mór) _____ í an Rúis.
 - Bíonn an chathair an-(gnóthach) _____ ag an deireadh seachtaine.
4. Uaireanta sa chaint, go háirithe i gceantair Ghaeltachta ar leith, cloistear *ana-* in áit *an-*. Séimhítear gach consan i ndiaidh *ana-*.

Mar shampla:

ana-mhaith
ana-bheag
ana-shuimiúil
ana-the

Cén aidiacht a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar na híomhánna seo a leanas? Leis an duine atá in aice leat, déanaigí cur síos ar gach pictiúr, ag baint úsáid as aidiacht leis an réimír *ana-* nó *an-*.



Spáinneach in Éirinn

Minicíocht

Léigh na treoracha agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

Tá frásaí a dhéanann tagairt do mhinicíocht ar fáil sa sliocht - tá línte fúthu. An féidir leat iad a scríobh amach thíos?

An féidir leat iad a mheaitseáil leis an leagan Béarla:

- | | |
|------------------|------------------|
| 1. de ghnáth | a. now and again |
| 2. uaireanta | b. usually |
| 3. anois is arís | c. sometimes |


1	2	3

An bhfuil aon fhrásaí cosúil leo ar eolas agat?

Beidh tú ag labhairt faoi do dheireadh seachtaine. Déan iarracht úsáid a bhaint as na frásaí seo:

- de ghnáth
- uaireanta
- anois is arís

Cabhróidh an foclóir seo leat (is leor trí abairt):



Spáinneach in Éirinn

Ceol Traidisiúnta

Léigh an píosa seo agus bí ag smaoineamh ar an gceist:

Sa sliocht, deir Maria gur breá léi ceol traidisiúnta na hÉireann agus go dtéann sí chuig seisiúin go minic. Is nós comónta é in Éirinn go mbíonn ceoltóirí sna tithe tábhairne ag casadh ceol traidisiúnta.

Cén cineál ceol traidisiúnta atá i do thír dhúchais?

Inis dom faoi sa bhosca tráchtairéachta thíos .



Spáinneach in Éirinn

Cois farraige

Léigh na treoracha agus freagair na ceistanna seo a leanas:

Sa sliocht, luaigh Maria go dtéann sí ag siúl cois farraige. De ghnáth, téann muintir Bhaile Átha Cliath ag siúl cois farraige i mBinn Éadair (Howth).

De ghnáth...

téann muintir Bhaile Átha Cliath go Binn Éadair.

téann muintir Luimnigh go Baile an Bhuinneánaigh.

téann muintir an Chláir go Cill Chaoi.

téann muintir Chorcaí go Baile Choitín.

téann muintir Loch Garman go Currach Cló.

1. An bhfuil tú in ann na logainmneacha seo a fhuaimniú? Déan iarracht iad a léamh amach leis an duine atá in aice leat. Faigh cabhair ón múinteoir más gá. Bí cúramach leis an *b séimhithe* agus an *c séimhithe* ach go háirithe.
2. Féach ar www.logainm.ie chun an leagan Béarla de na logainmneacha a fháil.

Tá go leor tránna in Éirinn.

1. An dtéann tú cois farraige go minic in Éirinn?
2. Má théann tú go dtí an trá i do thír dhúchais, cá dtéann tú?

Spáinneach in Éirinn

Córas Iompair

Léigh na treoracha agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

Sa sliocht faoi shaol Maria, luann sí go dtéann sí isteach sa chathair ar an Luas, an córas iarnród éadrom idirthurais i mBaile Átha Cliath.

An féidir leat smaoineamh ar an gcóras iompair i gcathracha eile ar domhan?

Baile Átha Cliath –

An Luas

Nua Eabhrac –

Páras –

San Francisco –

Londain –

Do chathair dhúchais féin –
